C/2025/5425

8.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12044 — INSTATIQ / ZÜBLIN / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5425)

1. An 30 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— INSTATIQ GmbH ('INSTATIQ', an Ghearmáin), atá faoi rialú deiridh Sany Group Co., Ltd ('Sany', an tSín),

— Ed. Züblin AG ('Züblin', an Ghearmáin), atá faoi rialú deiridh STRABAG SE ('STRABAG', an Ghearmáin).

Gheobhaidh INSTATIQ agus Züblin comhrialú ar Nelcon GmbH & Co. KG ('JV', an Ghearmáin), cuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá INSTATIQ ag gabháil d'ardréitigh tógála a fhorbairt agus a chur in úsáid, go háirithe trína theicneolaíocht priontála coincréite 3T le haghaidh coincréit chaighdeánach agus cuireann sé roinnt seirbhísí agus obair thógála a bhaineann leis na córais sin ar fáil,

— Tá Züblin gníomhach i dtógáil agus i bhforbairt foirgneamh, lena n-áirítear tionscadail lándéanta, tollánú, agus tógáil cruach.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar:

— Próisis phriontála coincréite 3T a fhorbairt, a phleanáil agus a chur i gcrích le haghaidh struchtúir foirgnimh ualachiompartha trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht pumpála agus easbhrú atá feistithe ar thrucailí sa Ghearmáin agus san Ostair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12044 — INSTATIQ / ZÜBLIN / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË